Ionsamhlúchán maidir le Gníomhú ar son na hAeráide: Talamh, Talmhaíocht & Foraoiseacht

Do: **Phríomh-Idirbheartaithe le haghaidh an Chomhaontais Talún, Talmhaíochta agus Foraoiseachta**

Ábhar: **Ullmhúchán don Chruinniú Mullaigh maidir le Gníomhú ar son na hAeráide**

Fáilte go dtí an Cruinniú Mullaigh maidir le Gníomhú ar son na hAeráide. Tá cuireadh tugtha ag Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe daoibh agus do cheannairí ó na geallsealbhóirí ábhartha uile oibriú le chéile chun aghaidh a thabhairt go rathúil ar an athrú aeráide. Sa chuireadh sin, chuir an tArdrúnaí i bhfios gur rás atá á chailleadh againn is ea an éigeandáil aeráide, ach is rás ar féidir linn é a bhuachan é ... Is léir ón taighde eolaíoch is fearr go bhfágfaidh aon ardú teochta thar 1.5°C go ndéanfar damáiste mór do-aisiompaithe do na héiceachórais a choinníonn an dé ionainn ... Ach is léir dúinn ón taighde eolaíoch freisin nach bhfuil sé ródhéanach. Tá ar ár gcumas é a chur ina cheart ... Ach beidh claochluithe bunúsacha ag teastáil chuige sin i ngach gné den tsochaí – an chaoi a bhfásaimid bia agus a n-úsáidimid an talamh, ár rogha breosla le haghaidh iompair agus ár bhfoinsí cumhachta le haghaidh ár ngeilleagar ... Trí ghníomhú le chéile, ní fhágfaimid éinne chun deiridh.

Is é sprioc an chruinnithe mullaigh plean a chruthú chun teorainn is lú ná 2°C [3.6°F] os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch a chur leis an téamh domhanda agus iarracht a dhéanamh 1.5°C [2.7°F] a bhaint amach, arb iad na spriocanna idirnáisiúnta a aithníodh go foirmiúil i gComhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide iad. Níl aon amhras faoin bhfianaise eolaíoch: fágfaidh téamh os cionn na teorann sin go mbeidh iarmhairtí tubaisteacha do-aisiompaithe ann a chuirfidh sláinte, rathúnas agus beatha daoine sna náisiúin uile i mbaol.

In bhur ngrúpa tá ionadaithe ó na cuideachtaí talmhaíochta, bia agus lománaíochta is mó, na húinéirí talún is mó, aireachtaí rialtais foraoise agus talmhaíochta, agus gníomhaireachtaí caomhnaithe talún. Tá bhur ngrúpa dírithe ar conas daoine a bheathú ar fud an domhain, foraoisí a chosaint agus dul i ngleic, ag an am céanna, leis an athrú aeráide.

Tá liosta de bhur dtosaíochtaí beartais thíos. Is féidir libh, áfach, aon bheartas atá ar fáil a mholadh nó a bhlocáil.

1. **Dífhoraoisiú a bhainistiú.** Is é an dífhoraoisiú is cúis le thart ar 15 % d'astaíochtaí gás ceaptha teasa ar fud an domhain faoi láthair. Trí fhoraoisí a chosaint, is féidir na hastaíochtaí sin a laghdú agus, ag an am céanna, an bhithéagsúlacht a chaomhnú agus an soláthar uisce a chosaint. Fágann an teorannú ar an dífhoraoisiú, áfach, go laghdaítear freisin an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as na tailte sin le haghaidh lománaíochta, táirgeadh bia, bithfhuinnimh, agus úsáidí ríthairbheacha eile. Is iad feirmeoirí beaga agus pobail tuaithe araon is cúis leis an dífhoraoisiú, ar daoine iad a dteastaíonn adhmad uathu le haghaidh breosla, agus gnólachtaí móra, a dhéanann talamh foraoise a ghlanadh le haghaidh lománaíochta agus agraithionscal, lena n-áirítear, mar shampla, foraoisí trópaiceacha a thiontú ina bplandálacha ola pailme, nó le haghaidh beostoc agus barra a shaothrú.

2. **Machnamh a dhéanamh ar fhoraoisiú.** Is éard atá san fhoraoisiú fás foraoisí nua ar thalamh nach bhfuil crainn air, agus uaireanta is talamh é sin a bhí dífhoraoisithe nó díghrádaithe roimhe sin. De réir mar a fhásann foraois, ceapann sí CO_2 ón atmaisféar agus déanann sí é a stóráil i mbithmhais agus in ithreacha. Cabhraíonn foraoisí le gnáthóga agus an bhithéagsúlacht a chaomhnú, moillíonn siad an creimeadh agus díghrádú talún, agus tugann siad cosaint in aghaidh tuilte. Dá gcuirfí an foraoisiú chun feidhme ar mhórscála, d'fhéadfaí úsáid a bhaint as talamh a bhfuil gá leis le haghaidh barr nó beostoic, rud a mhéadódh praghsanna bia toisc go méadófaí an iomaíocht le haghaidh talaimh. Déanaigí bhur machnamh ar an méid talaimh a bheidh ag teastáil le haghaidh aon bheartas foraoisithe ar leith.

3. **Smaoinígí ar na hastaíochtaí meatáin, ocsaíde nítriúla agus gás ceaptha teasa eile.** Is é **CO_2** an gás ceaptha teasa is suntasaí, ach is gáis eile ceaptha teasa, go háirithe meatán (CH_4) agus ocsaíd nítriúil (N_2O), is cúis le tuairim is aon cheathrú cuid den téamh domhanda sa lá atá inniu ann, agus tá a dtiúchan san atmaisféar ag fás. Thar chéad bliain, cuireann móilín de CH_4 thart ar 25 uaire níos mó leis an téamh ná móilín de CO_2; agus cuireann N_2O beagnach 300 uair níos mó leis ná CO_2. Is foinsí móra de CH_4 iad cleachtais feirmeoireachta agus táirgeadh beostoic reatha, agus is le húsáid leasacháin go príomha a ghintear N_2O. Is féidir na hastaíochtaí sin a laghdú ar chostas íseal trí theicneolaíochtaí agus cleachtais nuálacha, ach tá roinnt mhaith gníomhaithe comhshaoil ag éileamh rialachán (e.g. srianta ar úsáid leasacháin) nó athruithe ar stíleanna maireachtála daoine (e.g. laghduithe ar thomhaltas feola agus ar chur amú bia), rud a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do bhrabúsacht na dtionscal talmhaíochta agus beostoic. Tá drogall oraibh tacú le beartais den sórt sin fiú dá dtiocfadh laghdú mór ar na hastaíochtaí sin dá mbarr. Cuireann raon leathan fluaracarbón agus comhdhúile gaolmhara ("gáis-F") leis an téamh freisin. Úsáidtear gáis-F i bpróisis thionsclaíocha agus i dtáirgí tomhaltais (e.g. cuisneáin, tuaslagóirí). Tá an tiúchan íseal sa lá atá inniu ann, ach cuireann a lán gáis-F na mílte uair níos mó leis an téamh domhanda ná CO_2. Is féidir libh tacú le beartais chun iad sin a laghdú mar is beag tionchar a bheadh acu oraibh.

4. **Fóirdheontais tacaíochta le haghaidh fuinneamh in-athnuaite.** Is iad astaíochtaí breosla iontaise, seachas astaíochtaí úsáide talún, is mó a chuireann leis an athrú aeráide. Tacaíonn sibh le fuinneamh glan inacmhainne a chur in ionad breoslaí iontaise chun bhur dtrealamh a oibriú agus chun bhur mbia a iompar. Is féidir le rainseoirí agus úinéirí talaimh tuirbíní gréine agus gaoithe a shuiteáil agus an chuid is mó dá dtalamh a úsáid le haghaidh barr agus beostoic, agus, ar an ábhar sin, tacaíonn sibh le fóirdheontais le haghaidh teicneolaíochtaí fuinnimh ghlain. Tá cuideachtaí móra lománaíochta agus agraithionscail mhóra i gcoinne beartas amhail socrú praghsanna carbóin ar bhreoslaí iontaise mar mhéadódh siad sin na costais oibriúcháin, ach tacaíonn grúpaí caomhnaithe talaimh leis na beartais sin chun laghduithe in astaíochtaí CO_2 a luathú.

Breithnithe Breise

Tá daonra an domhain thart ar 7.7 billiún anois, agus tá sé tuartha ag na Náisiúin Aontaithe go mbeidh sé chomh hard le 9 mbilliún faoin mbliain 2050 agus beagnach 11 bhilliún faoin mbliain 2100. Fágann an daonra atá ag fás go bhfuil méadú ag teacht ar an éileamh atá ar bharra, ar fheoil, ar adhmad, ar shnáithíní agus ar tháirgí eile atá dian ar thalamh. Sa lá atá inniu ann, tá bia leordhóthanach in easnamh ar thart ar aon, bhilliún duine, rud is cúis le míchothú agus ocras i mórán náisiún. Mar sin féin, de réir Eagraíocht Bia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe, cuirtear 30 % den táirgeadh bia domhanda amú, rud is cúis le 8 % de na hastaíochtaí gás ceaptha teasa ar fud an domhain.

Má laghdaítear an cur amú bia, má mhéadaítear an táirgeacht barr agus má spreagtar aistí bia folláine atá bunaithe ar phlandaí, beifear in ann freastal ar an éileamh ar bhia atá ag dul i méad agus, ag an am céanna, gan níos mó talaimh a úsáid agus astaíochtaí gás ceaptha teasa ó earnáil na talmhaíochta a laghdú. Ní féidir le bhur dtionscal ach méid áirithe a dhéanamh sula gcuireann na beartais sin brú ar phraghsanna bia. Is é an toradh a bhíonn ar chostais arda bia ná go bhfágtar na daoine sin is mó a mbíonn gá acu leis dá uireasa. Déanfaidh cur chun cinn aistí bia plandabhunaithe dochar airgeadais freisin don tionscal mór beostoic atá ag fás.

I gcuid mhór den domhan, beidh sé dúshlánach athrú a dhéanamh ar úsáid talaimh agus ar mhodhanna talmhaíochta. I roinnt mhaith tíortha atá i mbéal forbartha, is mór an tairbhe a d'fhéadfaí a bhaint as talmhaíocht atá cliste ó thaobh na haeráide de, ach fágann an t-éilliú agus an easpa maoirseachta go bhfuil sé deacair beartais maidir le húsáid talaimh a chur chun feidhme. Níor éirigh go hiomlán leis na hiarrachtaí a rinneadh chun an dífhoraoisiú a laghdú, go príomha sa Bhrasaíl agus san Indinéis. Is fadhb mhór i gcónaí é an dífhoraoisiú neamhdhleathach. Déanann roinnt rialtas an dífhoraoisiú a fhóirdheonú go gníomhach chun an lománaíocht agus an agrathionscal a chur chun cinn, agus chun talamh a chur ar fáil do dhaoine.

Arna fhorbairt ag Climate Active, MIT Sloan School of Management Sustainability Initiative, ESB Business School, agus ag UMASS Lowell Climate Change Initiative. Meán Fómhair 2019 a tugadh cothrom le dáta go deireanach. www.climateinteractive.org

In ainneoin na ndúshlán sin, is bagairt mhór do bhaill bhur ngrúpa é an t-athrú aeráide. Tá na tuilte, an triomach, na tonnta teasa, na falscaithe agus an t-ardú ar leibhéal na mara atá ag dul i méid cheana féin ag scriosadh talamh arúil, ag laghdú na táirgeachta barr, ag déanamh damáiste d'fhoraoisí, agus ag déanamh dochair do bhrabúis. Tá iarmhairtí an athraithe aeráide agus an easáitithe gheopholaitiúil atá á chruthú acu ina rioscaí tromchúiseacha do bhur sócmhainní, don lucht saothair, do shlabhraí soláthair, do chustaiméirí agus do bhrabúsacht. Cé go mbeidh sé deacair athrú a dhéanamh, agus go ndéanfar dochar do chuid acu ó thaobh airgeadais de, féadfaidh an Comhaontas atá eadraibh rannchuidiú leis an réiteach trí bhur gcuid astaíochtaí a laghdú trí bhainistiú níos fearr a dhéanamh ar thalamh agus trí chleachtais talmhaíochta níos fearr.

Arna fhorbairt ag Climate Active, MIT Sloan School of Management Sustainability Initiative, ESB Business School, agus ag UMASS Lowell Climate Change Initiative. Meán Fómhair 2019 a tugadh cothrom le dáta go deireanach. www.climateinteractive.org